

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 32

Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 le haghaidh tuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta.

Cuirtear an olltoradh caiteachais i gcomparáid le suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar do sheirbhísí soláthair caipitil in 2025 as leithreasaí neamhchaite in 2024, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €44.406 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

Aistriú Feidhmeanna

Ullmhaíodh an cuntas i gcomhréir leis na Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2025, inar cuireadh san áireamh gur athraíodh ainm na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (an Roinn), le héifeacht ón 2 Meitheamh 2025 (I.R. Uimh. 172 de 2025).

Cuireadh san áireamh sna Meastacháin Athbhreithnithe freisin aistriú feidhmeanna riaracháin agus aireachta áirithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chuig an Roinn (I.R. Uimh. 174 de 2025).

Áiríodh leis an aistriú feidhmeanna:

- An tAcht um Thrácht Turasóireachta, 1939 (Uimh. 24 de 1939)
- An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003 (Uimh. 10 de 2003), agus
- An tAcht Deochanna Meisciúla (An Lárionad Comhdhála Náisiúnta), 2010 (Uimh. 9 de 2010)

Ina theannta sin, cuireadh san áireamh sna Meastacháin Athbhreithnithe aistriú feidhmeanna riaracháin agus aireachta áirithe ón Roinn chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Níor measadh go raibh gá le hordú um aistriú feidhmeanna, ós rud é gur feidhmeanna neamhrechtúla a bhí á n-aistriú. Ina ionad sin, shínigh an dá Roinn meabhrán tuisceana an 31 Iúil 2025.

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn, aistríodh 26 phost ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus aistríodh 16 phost chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

I gcomhréir leis na socruithe cuntasafóichta arna leagan amach ag Rannóg Chuntasaíochta an Rialtais den Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, léirítear sna Meastacháin Athbhreithnithe do 2025 na feidhmeanna aistrithe ar bhonn bliana iomláine. Léirítear sa chuntas leithreasa freisin na haistrithe feidhmeanna thuasluaite ar bhonn bliana iomláine, agus ní mór don chuntas sin foirm agus formáid na Meastachán ábhartha a leanúint. Ba é €243 milliún an meastachán don bhliain iomlán ar na leithdháiltí pá agus neamhphá, comhlán, a bhain leis an aistriú feidhmeanna ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus ba é €6.5 milliún san iomlán é i gcás na bhfeidhmeanna a aistríodh chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Tá na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gcioclán 25 de 2025, curtha i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CCRL) a cuireadh i bhfeidhm i leith tréimhsí cuntais a thosaigh an 1 Eanáir 2025.

Dímheas sócmhainní caipítíl

Déantar dímheas maoiné, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CCRL 17 agus CCRL 31 faoi seach. Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa nó amúchta gaolmhara de phríomhaicmí sócmhainní caipítíl.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus TF	5 bhliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Bogearraí faighte agus forbartha	10 mbliana	10%

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na gceanglas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, is go ndéantar earráidí nó aimhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am cuí. Próiseas leanúnach is ea córas rialuithe airgeadais a choinneáil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Timpeallacht um rialú airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánach.
- Rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta do phríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte mar is cuí, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa arna faomhadh agam. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn rite dóibh agus tá a phleananna iniúcháireachta inmheánaigh bliantúla, arna gcomhcheadú agam agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm sna pleananna seo príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta ama. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar bearta leantacha ar dhroim tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á bhronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus seirbhísí conarthacha eile agus €16.837 milliún san iomlán in 2025.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil sa tuairisceán bliantúil faoi Chiorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le naoi gconradh dar luach os cionn €25,000 a bronnadh gan iomaíocht.

Neamhchomhlíonadh leis na rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de chúig chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) arb ionann iad agus €233,362 san iomlán (gan CBL san áireamh) mar a leagtar amach thíos.

- Bhain soláthar amháin le luach carnach €86,035 le costas stórála comhad don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO). Bhí roinnt imní ann maidir le dáta tosaithe éifeachtach an chonartha leis an soláthraí seirbhíse a bhí ann ag an am, go príomha mar thoradh ar na srianta de bharr Covid 19. Ar chomhairle na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR), chuaigh an CRO i gcomhairle le hOifig an Phríomh Aturnae Stáit a chomhairligh gur cheart go dtiocfadh deireadh leis an gconradh leis an soláthraí ag an am ar an 13 Márta 2024. Lean an CRO leis an gconradh bunaidh go dtí gur tugadh comórtas nua faoi chreat-Chomhaontú an OSR chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2025. Cé gur éirigh leis an soláthraí roimhe seo sa phróiseas tairisceana nua sa deireadh, níor síníodh an conradh nua go dtí an 1 Nollaig 2025.
- Bhain an dara soláthar, le luach carnach €60,849, le costas seirbhíse fiordheimhnithe córas. Tar éis córas nua ceadanna fostaíochta a sheoladh, sháraigh an úsáid a baineadh as na leibhéil a rabhtas ag súil leo. I bhfianaise an mhéid sin, chuaigh an tAonad TFC i dteagmháil leis an soláthraí chun na táillí a laghdú, ach in ainneoin na laghduithe a fuarthas, d'fhan an caiteachas foriomlán ard mar gheall ar an líon mór úsáide a lean ar aghaidh. Ós rud é nach raibh creat-Chomhaontú de chuid an OSR i bhfeidhm le haghaidh seirbhíse den sórt sin, b'éigean don Aonad TFC a phróiseas tairisceana oscailte féin a réachtáil don tseirbhís seo. Táthar ag súil go síneofar an conradh a eascróidh as seo leis an tairgeoir rathúil sa cheathrú ráithe de 2026.
- Bhain an tríú soláthar, le luach carnach €33,515, le seirbhísí comhairleoireachta TF a sholáthar maidir le leabhair oibre Tableau. Chuaigh an conradh leis an soláthraí reatha in éag i mí na Bealtaine 2025, ach mar gheall ar na héilimh oibríochtúla a bhain le seoladh córais nua TF sa Roinn, níor tugadh faoi deara gur ghá próiseas tairisceana nua a thosú don tseirbhís. Cé gur ceadaíodh síneadh sé mhí chun próiseas tairisceana iomlán a réachtáil, ar réachtáladh é i mí Iúil 2025, ní bhfuarthas aon tairiscintí. Cuireadh an tairiscint amach arís i mí Lúnasa, ach ba é an t-aon toradh a bhí air gur fuarthas tairiscint amháin ón soláthraí reatha. Tar éis meastóireacht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha soláthair, bronnadh conradh nua orthu i mí Dheireadh Fómhair agus síníodh é ina dhiaidh sin ar an 10 Nollaig 2025.
- Bhain ceathrú soláthar le luach carnach €27,717 le ceannach soláthairtí oifige agus stáiseanóireachta tar éis don chonradh dul in éag leis an sealbhóir conartha roimhe seo i mí an Mhárta 2024. Cé gur cuireadh conradh nua i bhfeidhm le soláthraí nua ó mhí na Bealtaine 2024, lean cuid d'oifigí na Roinne d'úsáid an tseansholáthraí, in ainneoin gur cuireadh ar an eolas iad faoin athrú. Chuir an Roinn meabhrúchán chuig gach ball foirne i mí an Mhárta 2025 maidir leis an tábhacht a bhaineann le cloí leis na ceanglais a rialaíonn úsáid chonarthaí lárnacha Roinne. Lean meabhrúcháin eile ina dhiaidh sin maidir leis an tábhacht a bhaineann le cloí leis na treoirlínte dea-chleachtais soláthair, agus scaipeadh iad go ráithiúil ó mhí na Bealtaine 2025.
- Bhain an cúigiú soláthar, le luach carnach de €25,835, le soláthar agus leagan clúdach urláir. Bhí an ghné seo den athchóiriú lasmuigh de raon feidhme na n-oibreacha foirgníochta a bhí á ndéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhain an Roinn leas as soláthraí seirbhíse na hOOP a bhí ar an láthair chun na hoibreacha breise sin a chur i gcrích gan dul trí phróiseas iomaíoch. Rinneadh amhlaidh ar an mbonn go gcinnteodh sé leanúnachas an tsoláthair agus barántas an táirge, agus go seachnófaí cur isteach ar an tionscadal dá bharr. Dheimhnigh an OOP go raibh an táirge agus an costas i gcomhréir leis an táirge a roghnaíodh mar chuid den tionscadal reatha agus leis na tionscadail athchóirithe den chineál céanna a rinneadh i bhfoirgnimh rialtais.

Riosca agus creat rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn, agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ionas go bhfanfaidís ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear ar an gclár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, in am cuí. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe a bhaineann leo, agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus chun aon easnaimh a aithnítear iontu a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá eolas curtha ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais, ag an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais

Cuntais chustaiméirí agus clárúcháin ceadanna fostaíochta a raibh amhras calaoiseacha fúthu

Le linn ghnáthmhonatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas leanúnach, d'aithin an tAonad TFC leibhéal neamhghnách caiteachais i ndáil le seirbhís TF a chuireann ceann dár soláthraithe ar fáil agus a thacaíonn le fiordheimhniú chuig ár gCóras Scagtha Infheistíochta Isteach (CSII). Úsáideann an tseirbhís seo teachtaireachtaí téacs a sheoltar chuig custaiméirí mar mhodh tánaisteach chun céannacht a fhíorú. Measadh gurbh ionann agus €11,000 (CBL san áireamh) an caiteachas neamhghnách nach raibh baint aige le gnó na RFTF. Léirigh an t-athbhreithniú ar an úsáid gur chláraigh páirtí seachtrach (atá cláraithe i Vítneam) líon mór cuntas custaiméirí a raibh amhras calaoiseacha fúthu agus gur fhéadfadh sé uimhir theileafóin ar ráta préimhe a bheith úsáidte aige mar an uimhir mhóibíleach ainmnithe le haghaidh fiordheimhnithe SMS. Tar éis é sin a shainaithint, d'aistrigh an Roinn go pras chuig feidhmchlár fiordheimhnithe a úsáid. Taifeadadh teagmhas cibearshlándála leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus d'ullmhaigh forbróirí an chórais agus sainchomhairleoirí seachtracha na Roinne um shlándáil faisnéise tuarascálacha mionsonraithe maidir leis an teagmhas riosca. Tá an Roinn ag iarraidh na táillí a aisghabháil ónár soláthraí seirbhíse TF.

Rinneadh athbhreithniú ar chórais eile den chineál céanna sa Roinn agus, cé gur cumasaíodh gnéithe breise don Chóras um Cheadanna Fostaíochta (CCF) i mí an Mheithimh 2025, aithníodh clárúcháin a raibh amhras calaoiseacha fúthu ar an CCF i mí Lúnasa 2025. Cuireadh an costas breise a thabhaigh an Roinn mar thoradh ar an gcalaois fhéideartha seo chun sochair na Roinne arís ag an soláthraí seirbhíse tríú páirtí i rith mhí Dheireadh Fómhair 2025 agus, dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar airgeadais aige ar an Roinn i ndáil leis an gCCF.

Tá an Roinn sásta nach ndearnadh aon rochtain neamhúdaráithe ar shonraí atá sa CSII ná sa CCF. Bhain an t-aon tionchar airgeadais leis an €11,000 a tabhaíodh mar gheall ar an méadú ar an bhfiordheimhniú i ndáil leis an CSII, agus tá an Roinn ag iarraidh an méid sin a aisghabháil. Nochtadh an tsaincheist seo freisin faoi nóta 6.4.

Calaois amhrasta i scéimeanna iasachta arna mbainistiú ar son na Roinne

Tagraíodh sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais i gcuntas leithreasa na Roinne do 2023 do líon beag iasachtaí a d'eisigh iasachtóirí a bhí rannpháirteach i scéimeanna iasachta a bhí á n-oibriú thar ceann na Roinne ag an gCorparáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus a bhí clúdaithe ag ráthaíochtaí a maoiníodh go páirteach as Vóta na Roinne, agus ar ar ardaíodh ábhair inní i ndáil le calaois fhéideartha. Go sonrach, chuir iasachtóir ar aghaidh rannpháirteach, an CBSÉ ar an eolas go bhféadfadh líon beag iasachtaí a bheith faofa ag an iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais a chuir na hiasachtaithe i láthair. Dheimhnigh an t-iasachtóir ar aghaidh gur tuairiscíodh na cásanna seo do na húdaráis ábhartha agus go raibh imscrúduithe ar bun. Lean an Roinn de bheith ag fáil nuashonruithe ón CBSÉ maidir leis na haon iasacht déag atá i gceist a raibh luach iomlán €1.25m orthu. D'iarr agus fuair an Roinn nuashonrú ón iasachtóir ar aghaidh agus ón CBSÉ araon maidir leis an imscrúdú Gardaí i ndáil leis an gcalaois líomhnaithe, agus tá an cás fós ar siúl. Nochtadh an tsaincheist seo freisin faoi nóta 6.4.

Préimheanna na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa

Feidhmíonn an CBSÉ roinnt scéimeanna ráthaíochta creidmheasa thar ceann na Roinne. Is idir an Roinn agus na comhpháirtithe iasachta atá na comhaontuithe scéime, agus gníomhaíonn an CBSÉ mar riarthóir na scéimeanna thar ceann na Roinne (ó Dheireadh Fómhair 2016). Faoi Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa (SRC) 2012, 2015 agus 2017, bhailigh an CBSÉ préimheanna ráthaíochta ó iasachtaithe agus íocadh iad leis an Roinn. Roimh Dheireadh Fómhair 2016, bhí na scéimeanna á n-oibriú ag oibreoir tríú páirtí difriúil.

I Ráithe 4 de 2024, d'aithin an CBSÉ neamhréitigh i mbailiú na bpréimheanna ráthaíochta faoi scéimeanna SCR 2012, 2015 agus 2017. Rinne an CBSÉ athbhreithniú ar na préimheanna stairiúla a bailíodh ar phunann SRC a chlúdaigh an tréimhse 2012 go Márta 2025. Tá thart ar 375 iasacht i gceist. Léiríonn na torthaí gur bailíodh préimheanna sa bhreis dar luach €87,000 san iomlán agus gur tearcbhailíodh préimheanna dar luach €500,000 san iomlán. Chuir an CBSÉ in iúl go bhféadfadh sé nach mbeadh formhór na bpréimheanna ráthaíochta a tearcbhailíodh inbhailithe, ar chúiseanna éagsúla a bhaineann le próisis riaracháin laistigh den CBSÉ.

Tá an Roinn i dteagmháil leis an CBSÉ maidir leis na torthaí chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha do gach páirtí ar an ábhar seo.

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí – próiseas bainte den chlár

Cuireadh in iúl sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach i gcuntas leithreasa 2023 na himthosca ba chúis le hOifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) a gníomhaíocht bainte den chlár go neamhdheonach a chur ar fionraí go sealadach, chomh maith leis an rún athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta, rialuithe agus oiliúint foirne TFC na hOifige chun an fhadhb a réiteach.

Tá nósanna imeachta nua tugtha isteach ag an OCC maidir le foilsiú ábhar, amhail fógraí bainte den chlár, ina hirisí. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann freisin chun cruinneas na faisnéise a fhoilsítear sna hirisí a chinntiú. Mar thoradh ar chríochnú na hoibre ag soláthraí seirbhísí TFC an CRO, bhíothas in ann na próisis fhorfheidhmiúcháin uathoibríthe a atosú i mí Lúnasa 2025, lena n-áirítear an próiseas bainte den chlár go neamhdheonach.

Níor aithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach i ndáil le 2025 a éilfonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

Declan Hughes

Oifigeach Cuntasaíochta

Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

22 Meán Fómhair 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 32 Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 32 Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 32 Fiontar, Turasóireacht agus Fostaíocht

Cuntas Leithreasa 2025

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Forbairt Post agus Fiontraíochta			
	<i>Bunmhéid</i>	672,977		
	<i>Forlíontach</i>	(3,201)		
		669,776	645,332	1,028,114
B	Nuálaíocht fiontraíochta agus tráchtálú			
	<i>Bunmhéid</i>	241,871		
	<i>Forlíontach</i>	16,352		
		258,223	249,369	236,863
C	Rialáil			
	<i>Bunmhéid</i>	140,309		
	<i>Forlíontach</i>	(2,500)		
		137,809	128,934	132,506
D	Turasóireacht			
	<i>Bunmhéid</i>	250,987		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	3,012		
	<i>Forlíontach</i>	(10,650)		
		243,349	219,414	—
Ollchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	1,306,144		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	3,012		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		1,309,157	1,243,049	1,397,483
Asbhaint				
E	Leithreasuithe-i-gcabhair			
	<i>Bunmhéid</i>	89,000		
	<i>Forlíontach</i>	—		
		89,000	88,613	91,803
Glanchaiteachas				
	<i>Bunmhéid</i>	1,217,144		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	3,012		
	<i>Forlíontach</i>	1		
		1,220,157	1,154,436	1,305,680

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaiteachas sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2025	2024
	€	€
Barrachas	65,720,880	63,074,732
Géilleadh iarchurtha	(21,315,000)	—
Barrachas le géilleadh	44,405,880	63,074,732

Declan Hughes

Oifigeach Cuntasaíochta

Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta

22 Meán Fómhair 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2025

	2025	2024
	€000	€000
Costais an chláir	1,184,060	1,344,966
Pá	46,771	42,005
Neamhphá	12,218	10,512
Ollchaiteachas	1,243,049	1,397,483
<i>Asbhaint</i>		
Leithreasuithe-i-gcabhair	88,613	91,803
Glanchaiteachas	1,154,436	1,305,680
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoín, gléasra agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(239)	
Dímheas	163	
Caillteanas ar dhiúscairtí	7	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(1,104)	
Amúchadh	982	
Caillteanas ar dhiúscairtí	25	
	(166)	(214)
Athruithe ar ghkansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(833)	
Laghú ar ioncam fabhraithe	126	
Méadú ar speansais fhabhraithe	1,157	
Méadú ar ioncam iarchurtha	1,188	
	1,638	2,864
Caiteachas díreach vótáilte	1,155,908	1,308,330
Caiteachas a íoctar in áiteanna eile		
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)	30,650	30,210
Cíos barúlach (neamhairgid)	2,208	2,847
Glanhostas an chláir	1,188,766	1,341,387

1.1 Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara

Tá méid na nglanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a íoctar in áit eile.

		2025 €000	2024 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	62	—
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	25,981	25,390
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,515	3,830
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta Um Sheirbhísí Comhroinnte	244	134
Vóta 20	Garda Síochána	299	290
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	160	221
Lárchiste – Pinsin aireachta		389	345
		30,650	30,210

Nóta 2 Ráiteas maidir le Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Maoín, gléasra agus trealamh	2.1	515	446
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	6,115	6,018
		6,630	6,464
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		21,440	3,805
Réamhíocaíochtaí	2.3	2,454	1,621
Ioncam fabhraithe	2.4	601	727
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	2,711	2,213
		27,206	8,366
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Costais fhabhraithe	2.6	5,817	4,660
Ioncam iarchurtha	2.7	7,827	6,639
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	5,442	5,466
Glanmhaoiniú ón Státhiste	2.9	18,709	552
		37,795	17,317
Glandlíteanais reatha		(10,589)	(8,951)
Glandlíteanais		(3,959)	(2,487)
Léirithe ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.10	(3,959)	(2,487)

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^a			
Ag 1 Eanáir 2025	6,446	2,856	9,302
Breiseanna	228	11	239
Diúscairtí	(1,036)	(1,334)	(2,370)
Ag 31 Nollaig 2025	5,638	1,533	7,171
Dímheas carntha			
Ag 1 Eanáir 2025	6,120	2,736	8,856
Dímheas don bhliain	112	51	163
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,036)	(1,327)	(2,363)
Ag 31 Nollaig 2025	5,196	1,460	6,656
Glansócmhainní			
Ag 31 Nollaig 2025	442	73	515
Ag 31 Nollaig 2024	326	120	446

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Ag 1 Eanáir 2025	34,569	502	35,071
Breiseanna	4	1,100	1,104
Curtha in úsáid	1,422	(1,422)	—
Diúscairtí ^a	(14,786)	—	(14,786)
Ag 31 Nollaig 2025	21,209	180	21,389
Amúchadh Carntha			
Ag 1 Eanáir 2025	29,053	—	29,053
Amúchadh don bhliain	982	—	982
Diúscairtí ^a	(14,761)	—	(14,761)
Ag 31 Nollaig 2025	15,274	—	15,274
Glansócmhainní			
Ag 31 Nollaig 2025	5,935	180	6,115
Ag 31 Nollaig 2024	5,516	502	6,018

Nóta ^a Tar éis athbhreithniú inmheánach ar bhainistiú sócmhainní, baineadh na sócmhainní seo den chlár in 2025 toisc nach raibh siad in úsáid ag an Roinn a thuilleadh agus toisc go raibh siad dímheasta go hiomlán den chuid is mó faoi dheireadh na bliana.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,917	1,390
Riarachán	537	231
	2,454	1,621

2.4 Ioncam fabhraithe

ag 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Ioncam dlite ón gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	285	203
Ioncam dlite ó cheadanna fostaíochta	37	59
Ioncam dlite d'Oifigí RFTF as seirbhísí	20	39
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa	259	426
	601	727

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí chuig an OOP	3	8
Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha	2,470	2,064
Caiteachas in-aisghabhála		
Turas	90	
Seirbhísí comhroinnte	148	
	238	141
	2,711	2,213

2.6 Costais fhabhráithe

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Scéim um fhaoiseamh daonnúil	42	—
Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta dlíte	675	353
Costais riaracháin	301	463
Aisghabhálacha idir-rialtasacha	184	126
Seirbhísí agus tacaíocht TF	234	143
Costais dlí	220	9
Carnuithe a bhaineann le párolla (nóta 2.15)	4,161	3,566
	5,817	4,660

2.7 Ioncam iarchurtha

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fáltais ó cheadanna fostaíochta as iarratais neamhphróiseáilte	6,318	4,999
Iarmhéideanna custaiméirí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí	1,509	1,640
	7,827	6,639

2.8 larmhéideanna creidmheasa eile

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	1,334	1,276
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	971	881
Cáin mhaoine áitiúil	6	7
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	113	128
Cáin bhreisluacha ar fháltais laistigh den AE	110	96
Muirear sóisialta uilíoch	238	237
	2,772	2,625
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is infoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní ^a	1,957	1,998
Íocaíochtaí foirne	521	593
Dliteanas pinsin	30	(35)
Tuarastail in-aisghabhála	—	122
larmhéideanna ilghnéitheacha eile	162	163
	5,442	5,466

Nóta ^a Ní mór na táillí bliantúla athnuachana paitinne a fhaigheann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann a íoc le gach oifig náisiúnta paitinní ina gcoinnítear an phaitinn, agus is infoctha leis an Oifig Eorpach Paitinní 50% den táille sin go ráithiúil i riaráistí.

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	44,406	63,075
Géilleadh iarchurtha	21,315	—
Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste	(47,012)	(62,523)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	18,709	552
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	21,440	3,805
larmhéideanna dochair eile	2,711	2,213
	24,151	6,018
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,772)	(2,625)
larmhéideanna creidmheasa eile	(2,670)	(2,841)
	(5,442)	(5,466)
	18,709	552

2.10 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
larmhéid ag 1 Eanáir		(2,487)	163
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar measta	Cuntas	1,220,157	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(21,315)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(44,406)	
Glanvóta		1,154,436	1,305,680
Caiteachas (airgead tirim) a íoctar in áiteanna eile	1.1	30,650	30,210
Caiteachas neamhairgid – cíos barúlach	1	2,208	2,847
Glanchostas an chláir	1	(1,188,766)	(1,341,387)
larmhéid ag 31 Nollaig		(3,959)	(2,487)

2.11 Tiomantais

a) Tiomantais dhomhanda ^a	2025	2024
ag 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	6,517	1,289
Cláir deontais neamhchaipitil	42	976
Cláir deontais chaipitil	20,875	19,404
lomlán	27,434	21,669
b) Cláir deontais neamhchaipitil	2025	2024
	€000	€000
larmhéid tosaigh	976	5,774
Tiomantais deontais nua	—	4,199
Deontais a fócadh sa bhliain	(115)	(6,137)
Deontais a cuireadh ar ceal	(819)	—
Deireadh a chur le gealltanais gníomhaireachta ^a	—	(2,860)
larmhéid deiridh	42	976
c) Cláir deontais chaipitil	2025	2024
	€000	€000
larmhéid tosaigh	19,404	1,295,163
Tiomantais deontais nua	2,596	167,827
Deontais a fócadh sa bhliain	(1,125)	(167,823)
Deontais a cuireadh ar ceal	—	—
Deireadh a chur le gealltanais gníomhaireachta ^a	—	(1,275,763)
larmhéid deiridh	20,875	19,404

Nóta ^a Le Ciorclán 20 de 2024, 'Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2024', tugadh isteach an ceanglas nach gcuirfí san áireamh mar ghealltanais ach scéimeanna deontais a íoctar go díreach as an Vóta. Mar thoradh air sin, baineadh gealltanais ghníomhaireachta in 2024 a bhí mar chuid de na hiarmhéideanna tosaigh a tugadh ar aghaidh ó 2023. Coinníodh an ceanglas seo i bhfeidhm do 2025 agus do bhlianta cuntais ina dhiaidh sin.

2.12 Dlíteanais aibithe

ag 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Meastachán ar dhlíteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	27	96

2.13 Dlíteanais theagmhasacha

Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, go gcuirtear ráthaíocht stáit tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha 80% ar iasachtaí incháilithe nó ar bhannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) inmharthana. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc ag 31 Nollaig 2025 don SRC ná €247,858 (2024: €504,647).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 (SRC) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag Covid 19 orthu agus a dúnadh d'iasachtú an 30 Meitheamh 2022. Chuir an Scéim ráthaíocht Stáit de 80% ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha ar shaoráidí iasachtaithe suas go huasmhéid comhcheangailte de €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach maidir le Státchabhair an Choimisiúin Eorpaigh agus bhí sí ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus do phríomhtháirgeoirí a chomhlíon na critéir cháilitheachta. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc ag 31 Nollaig 2025 don SRCC ná €62.4 milliún (2024: €140.23 milliún).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin (SRCÚ) i mí Eanáir 2023. Forbraíodh an Scéim chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar ag méaduithe costais ag éirí as an gcoinbhleacht san Úcráin orthu. Chuir an scéim tacaíocht ar fáil le haghaidh suas le €1.2 billiún in iasachtaí do FBManna agus do ghnólachtaí meánmhéide beaga chun críocha caipitil oibre agus infheistíochta. Bhí iasachtaí suas le €1 milliún ar fáil ó iasachtóirí rannpháirteacha, lena n-áirítear bainc, soláthraithe neamhbhainc agus comhair chreidmheasa. Is í Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) a riarann an Scéim agus bhí sí ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2024. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc ag 31 Nollaig 2025 don SRCÚ ná €186.1 milliún (2024: €251.71 milliún).

I gcás gach ceann de na Scéimeanna seo, íocann an Stát (an ráthóir) an ráthaíocht leis an iasachtóir rannpháirteach ar an iarmhéid príomhshuime neamhghnóthaithe ar iasacht i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí.

Ba é an neamhchosaint uasta iomlán don Roinn maidir le gach iasacht gan íoc ag 31 Nollaig 2025 ná €248.7 milliún (2024: €392.45 milliún).

Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as na Scéimeanna seo préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-cheannteideal A.9. Déantar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) chun na scéimeanna a oibriú as an bhfo-cheannteideal seo freisin.

	2025		2012-2025	
	€000	€000	€000	€000
Fáltais i ndáil le préimheanna a íocann FBManna		3,159		14,890
Aisghabháil ar iasachtaí mainneachtana		674		1,947
Fáltas Státchiste		222		222
Caiteachas na scéime				
Riarachán na scéime	(1,879)		(13,536)	
Éilimh íoctha	(5,634)		(28,837)	
Costas iomlán na scéimeanna		(7,513)		(42,373)
Glanchoistas scéimeanna		(3,458)		(25,314)

Foirceannadh deonach Láirionad Tomhaltóirí Eorpach na hÉireann

D'fhéadfadh go mbeadh dliteanas ar an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT), i ndáil le costais áirithe a bhaineann le foirceannadh deonach Láirionad Eorpach Tomhaltóirí na hÉireann (LETÉ). Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta é an LETÉ a corpraíodh i bhFeabhra 2003. Ainmníodh LETÉ mar chomhlacht aitheanta chun críocha rialacháin áirithe de chuid an AE agus fuair sé méideanna measartha maoinithe ó Vóta RFTF maidir leis an aitheantas seo. Bhí ball foirne ag an Roinn freisin ag gníomhú mar Stiúrthóir ar an LETÉ.

Tá foirceannadh deonach á dhéanamh ar an LETÉ. Rinne Stiúrthóirí na cuideachta an cinneadh seo agus scoir LETÉ de bheith ag feidhmiú ar an 31 Nollaig 2023. Tá leachtaitheoir ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas foirceanta LETÉ agus dá bhrí sin tá siad neamhspleách ar an Roinn agus ar an CICT ina bhfeidhmeanna.

D'ainmnigh an Roinn an CICT mar an comhlacht a bheidh ag óstáil feidhmeanna an Láirionaid Eorpaigh do Thomhaltóirí (LET) in Éirinn ón 1 Eanáir 2024.

Tá an CICT tar éis dul i ngleic go díreach le Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA - Gníomhaireacht neamhspleách de chuid an Choimisiúin Eorpaigh trína soláthraíonn an Coimisiún maoiniú agus a dhéanann sé a iniúchtaí) maidir lena ainmniú agus i gcur i gcrích fheidhmeanna an LET.

Tá an Roinn agus an CICT araon tiomanta do thacaíocht a thabhairt don LETÉ tríd an bpróiseas foirceanta deonach. Baineann an dliteanas teagmhasach le costais an phróisis foirceanta nach féidir a mheas go héasca ag an am seo.

Dlíteanais theagmhasacha eile

Tá an Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh, a d'fhéadfadh dlíteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá fíormhéid nó uainiú na ndlíteanais éiginnte.

2.14 Scéimeanna iasachta

Scéim iasachta Fáis sa Todhchaí

Is iasacht infheistíochta caipitiúil fadtéarmach í an Scéim um Iasachtaí Fáis sa Todhchaí (SIFT) a d'fhorbair an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, Corparáid BaincÉireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).

Bhain an SIFT leas as ráthaíocht ón Aontas Eorpach faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS).

Sheol CBSÉ an Scéim i mí an Mheithimh 2019.

Cuireadh í ar fáil trí sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha agus chuir sí suas le €300 milliún d'iasachtaí infheistíochta ar fáil d'Éireannaigh incháilithe ag FBManna, lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí, agus cuideachtaí meánchaipitilthe beaga. Bhí na hiasachtaí ar phraghas iomaíoch (uasráta úis iasachta tosaigh de 4.5% le haghaidh iasachtaí níos lú ná €250,000), bhí siad ar feadh téarmaí 7-10 mbliana agus thacaigh siad le hinfeistíocht fadtéarmach straitéiseach i dtimpeallacht iar-Brexit. Bhí íosmhéid iasachta €100,000 agus uasmhéid €3,000,000 in aghaidh an iarratasóra ar fáil faoin scéim.

Mar gheall ar thionchar airgeadais suntasach tobann na paidéime Covid 19 ar ghnóthaí, seoladh an dara tráinse de €500 milliún in 2020.

Ba é €63 milliún costas an €300 milliún tosaigh a bhí ar fáil faoin scéim, agus mhaoinigh an RFTF €38 milliún den mhéid sin.

Ba é an costas méadaithe acmhainne ná €104 milliún, agus chuir an RFTF €62 milliún de ar fáil.

An Scéim Iasachta um Brexit agus an Scéim Caipitil Oibre Covid

Leis an Scéim Iasachta um Brexit, a seoladh i mí an Mhárta 2018, cuireadh suas le €300 milliún d'iasachtú ar fáil do ghnólachtaí incháilithe a bhí neamhchosanta ar thionchair reatha nó amach anseo a d'eascair as tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Bhí iasachtaí faoin Scéim Iasachta um Brexit ar fáil idir €25,000 agus €1.5 milliún agus bhí téarma suas le trí bliana leo. Tairgeadh na hiasachtaí ar théarmaí fabhracha, lena n-áirítear uasráta úis 4% agus gan aon urrús a bheith ag teastáil i gcás iasachtaí suas le €500,000. Bhí frithráthaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), trína ionstraim ráthaíochta Fiontar Beag agus Meánmhéide (FBM) InnovFin, mar thaca ag an Scéim Iasachta um Brexit seo. Dúnadh an Scéim Iasachta um Brexit i mí Dheireadh Fómhair 2021 nuair a seoladh an Scéim Iasachta um Thionchar Brexit. Ba é toradh deiridh na n-iasachtaí a tarraingíodh anuas faoin scéim seo 292 iasacht ar luach iomlán €57.5 milliún. I gcéimeanna tosaigh na paidéime, cuireadh cuid den mhaoiniú a bhí ar fáil faoin Scéim Iasachta um Brexit ar fáil do ghnólachtaí a raibh tionchar Covid 19 orthu tríd an Scéim Caipitil Oibre Covid 19. Bhí na hiasachtaí faoin scéim seo cosúil leo siúd a tairgeadh faoin Scéim Iasachta um Brexit, ach bhí siad dírithe ar ghnólachtaí a bhí ag iarraidh nuáil, athrú nó oiriúnú a dhéanamh mar fhreagairt ar an bpaidéim. Dúnadh an Scéim Caipitil Oibre Covid 19 i mí Iúil 2021. Ba é toradh deiridh na n-iasachtaí a tarraingíodh anuas faoin scéim seo 948 iasacht ar luach iomlán €118.5 milliún. In 2026, tar éis na ceaduithe riachtanacha a fháil, athleithdháileadh thart ar €6 mhilliún de mhaoiniú nár úsáideadh ón Scéim Iasachta SIB/SCOC chun tacú le leathnú na Scéime SIFI.

An Scéim Iasachta um Thionchar Brexit/Scéim Iasachta Covid 19

I mí Dheireadh Fómhair 2021, sheol an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF), i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), an Scéim Iasachta um Thionchar Brexit, lenar cuireadh suas le €330 milliún ar fáil do ghnólachtaí incháilithe (lena n-áirítear gnólachtaí sna hearnálacha feirmeoireachta agus iascaigh) a raibh tionchar ag tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach orthu. Bhí iasachtaí faoin scéim seo ar fáil idir €25,000 agus €1.5 milliún, le téarma suas le sé bliana. Ní raibh urrús ag teastáil i gcás iasachtaí suas le €500,000. Fuair an Scéim Iasachta um Thionchar Brexit tacaíocht ó fhrithráthaíocht tríd an gCiste Ráthaíochta Eorpach (CRE), a chuir Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (GBEI) chun feidhme thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh. Chun a chinntiú go leanfadh rogha chuí rochtana ar mhaoiniú de bheith ar fáil d'FBManna a raibh tionchar Covid 19 orthu, leathnaigh an Rialtas an Scéim Iasachta um Thionchar Brexit (SITB) chun na FBManna sin a dhéanamh incháilithe faoin scéim. Mar thoradh ar chur chun feidhme an athrú seo, seoladh scéim nua dar teideal an Scéim Iasachta Covid 19 (SIC) an 4 Iúil 2022. Dúnadh na scéimeanna d'iarraíais nua i mí na Nollag 2022.

Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta

Is iasacht infheistíochta fadtéarmach í an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta (SIFI), a seoladh i Meán Fómhair 2023, arna seachadadh ag CBSÉ a thugann ráthaíocht 80% gan teorainn d'iasachtóirí rannpháirteacha. Soláthraíonn Grúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta (GBEI) frithráthaíocht do CBSÉ ionas gurb é an sciar riosca don scéim ná: 20% soláthraithe airgeadais, 16% CBSÉ agus 64% GBEI.

Dírítear 30% ar a laghad den mhéid iasachtaithe ar chríocha inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm aige cabhrú le FBManna infheistíocht a dhéanamh in inbhuanaitheacht agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Tá an fuilleach (suas go dtí) 70% le haghaidh iasachtaí le infheistíochtaí straitéiseacha d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú agus mar sin bonn a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo.

Roinntear costais an SIFI idir an RFTF agus an RTBM ar bhonn 60:40.

Is ionann na costais a bhainfidh leis an scéim €500 milliún agus thart ar €112 milliún, agus chuir an RFTF €67 milliún ar fáil idir 2022 agus 2023. Clúdaíonn an maoiniú seo ráthaíocht chéad chaillteanais (i.e. ráthaíonn an Stát go gclúdódh sé an chéad chuid de chaillteanais ar aon mhainneachtain) agus costais riaracháin don CEI agus do CBSÉ araon.

Soláthairtí don chéad chaillteanas

Cuireann an Roinn maoiniú don 'chéad chaillteanas' ar fáil, a choimeádtar chun cuid tosaigh chomhaontaithe de chaillteanais iasachta a chlúdach agus a fhéadfar a aisíoc go páirteach, ag brath ar fheidhmíocht na punainne nuair a dhúnfar an scéim. Roimh dhúnadh na scéime, ní féidir iarmhéideanna inaisghabhála a mheas go hiontaofa.

Táillí riaracháin

Faigheann an CBSÉ táillí riaracháin as na scéimeanna iasachta ábhartha a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar éagsúlacht i leibhéil foirne, riachtanais TFC, méideanna oibríochtúla agus costais fhéideartha nach bhféadfaí a thuar roimh ré, ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar na costais riaracháin iomlána thar shaolré ilbhliantúil na scéimeanna. Is féidir leis an CBSÉ tarraingt anuas a dhéanamh ar an gclúdach riaracháin suas go dtí an teorainn cheadaithe, agus ní dheimhneofar na figiúirí deiridh go dtí go mbeidh an scéim curtha i gcrích. Ní bheidh aon bharrachas riaracháin, má thagann sé chun cinn, ar eolas ach ag an bpointe sin. Faoi na Comhaontuithe Maoinithe ábhartha, níl na táillí bainistíochta atá infoctha leis an gCiste Eorpach Infheistíochta inaisíoctha agus gearrtar iad ar bhonn bliantúil.

2.15 Tionchar athruithe ar bheartas cuntasafíochta

Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, tá caighdeáin chuntasafíochta an rialtais láir (CCRL) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Carnadh saoire ^a	—	(1,732)
Carnadh párolla ^a	—	(1,834)
	<u>—</u>	<u>(3,566)</u>

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

Nóta 3 Vóta Caiteachas

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	48,582	46,771	42,005
ii	Taisteal agus cothabháil	1,120	1,160	898
iii	Oiliúint agus forbairt	860	879	751
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	1,559	1,058	1,156
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	6,286	6,224	5,359
vi	Costais áitribh	908	739	638
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde	1,774	1,565	1,249
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise	615	593	461
		61,704	58,989	52,517

Athruithe suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% ar a laghad agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin.

iv Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil

Soláthar measta: €1.559 milliún: olltoradh €1.058 milliún

Tháinig an tearcchaiteachas €501,000 chun cinn mar thoradh ar chaiteachas níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i roinnt réimsí, lena n-áirítear liúntais seirbhíse eachtraí d’fhoireann a bhí ar phostú thar lear, caiteachas sláinte agus sábháilteachta, agus seirbhísí fáilteachais ar fud na Roinne agus a hOifigí.

Clár A Poist agus Forbairt Fiontraíochta

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	16,013	17,629	15,771
A.2	Riarachán – neamhphá	3,611	4,266	3,085
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta			
	<i>Bunmhéid</i>	43,800		
	<i>Forlíontach</i>	(619)		
		43,181	41,833	41,406
A.4	Idir-Thrádáil Éireann	15,506	15,600	12,586
A.5	GFT Éireann	278,084	267,384	270,442
A.6	NSAI – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta			
	<i>Bunmhéid</i>	13,217		
	<i>Forlíontach</i>	3,119		
		16,336	16,047	11,870
A.7	Fiontraíocht Éireann			
	<i>Bunmhéid</i>	213,524		
	<i>Forlíontach</i>	(15,000)		
		198,524	187,839	174,907
A.8	Forbairt fiontraíochta áitiúil	62,797	60,111	54,976
A.9	Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach			
	<i>Bunmhéid</i>	7,000		
	<i>Forlíontach</i>	1,000		
		8,000	7,513	15,169
A.10	Maoiniú meaitseála do PEACEPLUS	1,040	1,125	—
A.11	Síntiúis d’eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1	—	4,282
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	301	88	—
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile	130	15	13
A.14	Scéimeanna iasachta Chorpáraid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	1	—	—
A.15	Scéim um fhaoiseamh daonnúil			
	<i>Bunmhéid</i>	1		
	<i>Forlíontach</i>	114		
		115	115	6,137

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
A.16	Micreamhaoiniú Éireann			
	<i>Bunmhéid</i>	1		
	<i>Forlíontach</i>	12,500		
			12,501	12,500
A.17	An tIonad Náisiúnta		1	—
	Dearaidh			—
A.18	Clár Cnuasaithe Náisiúnta		384	334
A.19	Ranníocaíocht ón gCiste um Oileán		250	—
	Comhroinnte leis an Roinn			
	Geilleagair			
A.20	MCG agus Power Up			
	<i>Bunmhéid</i>	17,315		
	<i>Forlíontach</i>	(4,315)		
			13,000	12,933
			669,776	645,332
				417,470
				1,028,114

Athruithe suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/-5% ar a laghad agus €100,000).

A.6 NSAI – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta

Soláthar measta €13.217 milliún; olltoradh €16.047 milliún

Bhí an róchaiteachas €2.83 milliún go príomha mar thoradh ar riachtanas níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis i ndáil le costais phinsin agus aiscí scoir, chomh maith le heasnamh san ioncam a rabhtas ag súil leis ó tháillí ar sheirbhísí áirithe a chuireann an tÚdarás ar fáil agus a úsáidtear chun costais oibríochtúla a fhritháireamh.

A.7 Fiontraíocht Éireann

Soláthar measta €213.524 milliún; olltoradh €187.839 milliún

Tharla an gannchaitheamh de €25.685 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas i gcaiteachas caipitil. Bhí na coigiltis chaipitil mar thoradh ar ghníomhaíocht níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis i roinnt clár, lena n-áirítear deontais lárnacha FÉ, Cláir Fiontar Réigiúnach Cliste agus cláir infheistíochta caipitil.

A.9 Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach

Soláthar measta €7 milliún; olltoradh €7.513 milliún

Bhí an róchaiteachas €513,000 go príomha mar thoradh ar líon na n-éileamh faoi na scéimeanna éagsúla ráthaíochta creidmheasa a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis. Tá an maoiniú a leithdháiltear ar an Scéim um Ráthaíocht Páirtchreidmheasa Shealadach chun an costas a bhaineann le ráthaíocht a sholáthar i leith scéimeanna iasachta faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012 a chlúdach. Is iad na scéimeanna a oibríonn faoin Acht seo ná an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine.

Baineann an costas a bhaineann le ráthaíochtaí a sholáthar faoin Acht go príomha le héilimh le soláthraithe airgeadais a íoc i leith iasachtaí mainneachtana arna gclúdach ag an ráthaíocht agus costais riaracháin Chorporáid BaincÉireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) a riarann na Scéimeanna Ráthaíochta thar ceann na Roinne chomh maith le costais eile a bhaineann le comhairle dlí agus seirbhísí dlí. Den €7.513 milliún a caitheadh ar an Scéim um Ráthaíocht Páirtchreidmheasa Shealadach in 2025, íocadh €5.634 milliún in éilimh faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa agus bhain €1.879 milliún le costais riaracháin. Is é fírinne an scéil i scéimeanna ráthaíochta gur féidir le líon na n-éileamh ar an ráthaíocht athrú ó bhliain go bliain ag brath ar rátaí mainneachtana iasachta. Mar a tharla, bhí líon na n-éileamh i gcoinne na scéimeanna ráthaíochta in 2025 níos airde ná mar a ceapadh.

A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar measta €301,000; olltoradh €88,000

Tacaíonn soláthar san fhotheideal seo go príomha le hoibriú na gCoimisiúin Comhpháirteacha Eacnamaíocha (CCEanna). Is cineál struchtúir Rialtais déthaobhaigh iad na CCEanna chun plé a éascú ar fhorbairt trádála idir tíortha rannpháirteacha. Mar a tharla sé, cuireadh an misean trádála agus an CCE leis an India, a bhí sceidealaithe do 2025, siar go dtí 2026.

A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar measta €130,000 milliún; olltoradh €15,000

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. De réir mar a tháinig sé chun solais, bhí an caiteachas iarbhír a tabhaíodh i bhfad níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh gannchaitheamh de €115,000 ann.

A.15 Scéim um fhaoiseamh daonnúil

Soláthar measta €1,000; olltoradh €115,000

Scéim ad hoc is ea an scéim um fhaoiseamh daonnúil chun cúnamh a chur ar fáil i gcúinsí sainithe do chomhlachtaí beaga agus eagraíochtaí pobail agus deonacha ar fud na tíre a ndearna eachtraí éigeandála dochar dóibh. Cuireann an scéim ranníocaíocht ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le háitreabh gnó agus comhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt a athchóiriú go dtí an bhail ina raibh siad roimh na héigeandála, lena n-áirítear urlárlach, daingneáin agus feistis agus stoc nua a chur in ionad na gceann a bhfuil damáiste déanta dóibh. Is í Cros Dhearg na hÉireann a riarann an scéim thar cheann na Roinne. Léiríonn an leithdháileadh ainmniúil de €1,000 an éiginnteacht a bhaineann le heachtraí éigeandála a thuar. Mar a tharla sé, tharla dhá eachtra tuilte go déanach in 2024 agus ní dhearnadh íocaíochtaí ina leith go dtí 2025.

A.16 Micreamhaoiniú Éireann (MMÉ)

Soláthar measta €1,000; olltoradh €12.5 milliún

Cuireann MMÉ iasachtaí ar fáil do mhicrifhiontair nach féidir leo iasachtaí a fháil ó sholáthraithe tráchtála. Cuireann sé iasachtaí idir €2,000 agus €50,000 ar fáil ar feadh suas le cúig bliana.

Fuair MMÉ instealladh caipitil €12.5 milliún trí Fhorlíonadh Mheastachán 2025 na Roinne chun a chinntiú go mbeadh sí in ann freastal ar mhéadú suntasach leanúnach ar an éileamh ar iasachtaí i ndiaidh an athrú reachtaigh inar mhéadaigh an uasiasacht a bhí ar fáil do mhicrifhiontair faoi dhó ó €25,000 go €50,000. Bhí tionchar láithreach agus suntasach ag an athrú beartais seo ar phatrúin úsáidte iasachtaí. Tháinig méadú gear ar mheánmhéid na n-iasachtaí ó €17,400 sa chéad trí ráithe de 2024 go €26,800 don tréimhse chéanna in 2025.

A.19 Ranníocaíocht ón gCiste um Éire Comhroinnte leis an Roinn Geilleagair

Soláthar measta €250,000; olltoradh € nialas

Tá Invest Northern Ireland agus Fiontraíocht Éireann i gceannas ar an Scéim Deontas Caipitil um Inbhuanaitheacht Oileáin Chomhroinnte. Seoladh Deontas Caipitil Uile-Oileáin um Inbhuanaitheacht dar luach €20 milliún i mí Feabhra 2025 chun tacú le gnólachtaí ar fud oileán na hÉireann a gcuid oibríochtaí a dhícharbónú trí réitigh nuálacha. Thug Invest Northern Ireland le fios go bhfuiltear ag súil anois go gcuirfear isteach an chéad éileamh, a bhí próifílithe do R4 2025, i R1 2026.

A.20 MCG agus Power Up

Soláthar measta €17.315 milliún; olltoradh €12.933 milliún

Cuireadh soláthar measta €17.315 milliún ar fáil chun tacú le seachadadh scéime athaicmithe do na scéimeanna Méadú ar Chostais Ghnó (MCG) agus Power Up in 2025. Tháinig an tearcchaiteachas €4.382 milliún chun cinn go príomha toisc go raibh líon na ngnólachtaí incháilithe a rinne iarratas ar thacaíocht faoin scéim athaicmithe níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Clár B Nuálaíocht Fiontraíochta agus Tráchtálú

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	11,123	9,571	9,877
B.2	Riarachán – neamhphá	3,422	2,895	3,117
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	3,866	3,788	3,628
B.4	Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta	158,615	152,901	161,025
B.5	Síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.			
	<i>Bunmhéid</i>	26,714		
	<i>Forlíontach</i>	17,500		
		44,214	44,214	26,716
B.6	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	1	—	—
B.7	Costais dlí agus seirbhísí eile	130	—	—
B.8	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha			
	<i>Bunmhéid</i>	38,000		
	<i>Forlíontach</i>	(1,148)		
		36,852	36,000	32,500
		258,223	249,369	236,863

Athruithe suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/-5% ar a laghad agus €100,000).

B.5 Síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.

Soláthar measta €26.714 milliún; olltoradh €44.214 milliún

Bhí an róchaiteachas €17.5 milliún mar thoradh ar leithdháileadh breise ar chlár an Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), a cuireadh ar fáil trí Fhorlíonadh Mheastachán 2025 na Roinne. Chinntigh an maoiniú breise seo go bhféadfaí leibhéal comhfhreagrach conarthaí de chuid na GSE a ghnóthú do chuideachtaí Éireannacha, a chabhraigh le gealltanais a tugadh ag Comhairle Aireachta 2025 na GSE a chomhlíonadh agus leis na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Spáis a bhaint amach.

B.7 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar measta €130,000; olltoradh € nialas

Is bainistíocht vóta stuama é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla sé, ní raibh aon chaiteachas sa réimse seo in 2025.

B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

Soláthar measta €38 milliún; olltoradh €36 milliún

Tá an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) ar cheann de na ceithre chiste príomhsprice faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Ba é an phríomhthoradh ar an ngannchaitheamh €2 milliún ná éilimh ó iarratasóirí rathúla faoin CNTB a bheith curtha isteach níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Mar thoradh, cuireadh moill ar an bpróiseas meastóireachta agus ar íocaíocht fhormhór an mhaoiniú réamhairgeadais tosaigh le heagraíochtaí taighde agus le cuideachtaí beaga.

Clár C Rialachán

		2025		2024
		Soláthar measta		Olltoradh
		€000	€000	Olltoradh
			€000	€000
C.1	Riarachán – pá	17,668	16,707	16,357
C.2	Riarachán – neamhphá	5,001	4,146	4,310
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre			
	<i>Bunmhéid</i>	26,031		
	<i>Forlíontach</i>	(1,164)		
		24,867	22,195	21,330
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumann – airgead tirim teoranta	900	895	894
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta	34,757	35,390	32,785
C.6	Cónascadh ceardchumann	60	—	—
C.7	An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach			
	<i>Bunmhéid</i>	11,518		
	<i>Forlíontach</i>	(1,336)		
		10,182	7,300	7,088
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	28,447	28,463	24,604
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	413	433	748
C.10	An Coimisiún um Pá Íseal	528	413	302
C.11	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta	9,139	8,793	8,412
C.12	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	2,356	1,663	1,466
C.13	Síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	1,847	1,872	1,954
C.14	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	439	286	260
C.15	Costais dlí agus seirbhísí eile	1,205	378	687
C.16	Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha	—	—	11,309
		137,809	128,934	132,506

Athruithe suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/-5% ar a laghad agus €100,000).

C.3. An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre

Soláthar measta €26.031 milliún; olltoradh €22.195 milliún

Tharla an tearcchaitheamh de €3.836 milliún mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear na nithe seo a leanas.

- Tearcchaitheamh de €3.391 milliún i gcaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) mar gheall ar mhoilleanna maidir le roinnt folúntas a líonadh.
- Tearcchaitheamh de €194,000 i gcaiteachas ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar laghdú ar líon na rannán sa chúirt ó cheithre cinn go trí cinn.
- Tearcchaitheamh de €48,000 sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta mar gheall ar laghdú ar líon na gcásanna oidhreacht atá fós le héisteacht.

C.7 An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ÚFC)

Soláthar measta €11.518 milliún; olltoradh €7.3 milliún

Bhí an tearcchaitheamh de €4.218 milliún comhdhéanta de choigilteas pá de €1.454 milliún agus coigilteas neamhphá de €2.764 milliún.

Tháinig na coigiltis phá chun cinn go príomha mar gheall ar dheacrachtaí maidir le foireann a earcú, go háirithe foireann speisialaithe. Maidir le neamhphá, baineann an coigilteas leis an bhfíric go raibh costais dlí na bliana beagán níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Bhí coigiltis ann freisin i gcaiteachas TFC i ndáil le forbairt chóras bainistíochta cásanna an ÚFC.

C.10 An Coimisiún um Pá Íseal

Soláthar measta €528,000; olltoradh €413,000

Bhí an tearcchaiteachas €115,000 comhdhéanta de choigiltis neamhphá i ndáil le roinnt clár.

C.12 Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ)

Soláthar measta €2.356 milliún; olltoradh €1.663 milliún

Tháinig an tearcchaiteachas €693,000 chun cinn go príomha mar thoradh ar choigiltis i seirbhísí comhairleachta agus ar thearcchaiteachas i ndáil le costais áitribh sceidealaithe nár tugadh ar aghaidh in 2025.

C.14 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

Soláthar measta €439,000; olltoradh €286,000

Bhí an tearcchaiteachas €153,000 go príomha mar thoradh ar chlár áirithe a bhain leis an gclár um aitheantas san ionad oibre nár tugadh ar aghaidh.

C.15 Costais dlí agus seirbhísí eile

Soláthar measta €1.205 milliún; olltoradh €378,000

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile dá leithéid a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla sé, bhí an caiteachas sa réimse seo níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Clár D Turasóireacht

		2025		2024
		Soláthar measta	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	3,778	2,864	—
D.2	Riarachán – neamhphá	1,088	911	—
D.3	Fáilte Ireland	99,684	99,505	—
D.4	Turasóireacht Éireann	23,948	24,270	—
D.5	An Ciste um Mhargaíocht Turasóireachta Thar Lear	66,639	60,536	—
D.6	Forbairt táirgí turasóireachta			—
	<i>Bunmhéid</i>	33,169		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	2,500		
	<i>Forlíontach</i>	(10,650)		
		25,019	22,997	—
D.7	Ciste um Aistriú Cóir an AE			
	<i>Bunmhéid</i>	22,681		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	512		
		23,193	8,331	—
		243,349	219,414	—

Athruithe suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas clár neamhriaracháin (+/-5% ar a laghad agus €100,000).

D.5 An Ciste um Mhargaíocht Turasóireachta Thar Lear

Soláthar measta €66.639 milliún; olltoradh €60.536 milliún

Bhí an tearcchaiteachas €6.103 milliún go príomha mar thoradh ar mhoilleanna maidir le dul chun cinn na Scéime Deontas Caipitil Beaga (SDCB), atá á maoiniú faoin gCiste Oileáin Comhroinnte mar chuid den Tionscadal um Chomhoibriú Branda Turasóireachta 2023–2025. Seoladh an SDCB i mí Iúil 2024. Bhíothas ag súil go mbeadh aon mhaoiniú deontais a d'fhéadfaí a dheonú faoin scéim curtha i gcrích faoi dheireadh 2024, agus go ndéanfaí na deontais a tharraingt anuas nuair a bheadh na hoibreacha curtha i gcrích in 2025. Mar sin féin, mar gheall ar an leibhéal ard comhairliúcháin le linn an phróisis dámhachtana, meastar anois go ndéanfar na hoibreacha in 2026.

D.6 Forbairt táirgí turasóireachta

Soláthar measta €35.669 milliún; olltoradh €22.997 milliún

Is é Fáilte Ireland a riarann an Clár Forbartha Táirgí Turasóireachta, a chuireann maoiniú ar fáil chun eispéiris chuairteoirí in Éirinn a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, i dtaitneamhachtaí agus san inbhuanaitheacht. Bhí an tearcchaiteachas €12.672 milliún mar thoradh go príomha ar na srianta acmhainne a bhí ag príomhpháirtithe straitéiseacha faoin gclár, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus comhlachtaí Stáit eile. Mar gheall ar na srianta seo agus ar dhúshláin oibríochtúla eile, b'éigean raon feidhme tionscadal áirithe a athbhreithniú, agus dá bharr sin, cuireadh moill orthu agus bhí gá le hathdhearadh agus próisis aththairisceana i roinnt cásanna.

D.7 Ciste um Aistriú Cóir an AE

Soláthar measta €23.193 milliún; olltoradh €8.331 milliún

Tá Scéim Turasóireachta Athghiniúna agus Déanamh Áite de chuid Fáilte Ireland do Lár Tíre na hÉireann 2023-2026 á maoiniú trí Chiste an AE um Aistriú Cóir. Tá sé mar aidhm ag an scéim infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt inbhuanaithe na turasóireachta i Lár Tíre na hÉireann chun geilleagar an réigiúin a éagsúlú trí phoist a chruthú, tacú le gnáthóga agus leis an mbithéagsúlacht agus pobail a bhuanú. Tá an scéim á cur i bhfeidhm trí shraith clár maoinithe. Baineann go leor de na tionscnaimh a fhaigheann tacaíocht faoin scéim le hoibreacha caipitil agus braitheann siad ar a gcur i bhfeidhm ag roinnt comhlachtaí poiblí. Bíonn tionscadail chaipitil i mbaol moilleanna de bharr cúinsí ar nós amlínite pleanála agus soláthair, infhaighteacht conraitheoirí agus tionchair a bhaineann leis an aimsir. Chuir na spleáchais sheachtracha seo agus rioscaí eile a bhain le tógáil, leis an dul chun cinn níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis agus, dá thoradh sin, leis an tearcchaiteachas €14.862 milliún in 2025.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2025		2024
		Soláthar measta €000	Bainte amach €000	Bainte amach €000
Ceartha fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	75	183	269
2	Táillí ceadá fostaíochta	40,000	32,775	39,109
3	Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta	400	554	548
4	Fógraí pionós seasta CCÁO	22	10	8
5	Costais dámhachtana cúirte CCÁO	20	157	121
Árachas agus Dlí na gCuideachtaí				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,857	19,015	20,129
7	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumainn Tionscail agus Choigiltis	200	429	417
Trádáil, iomaíochas agus ceartha margaidh				
8	Fáltais faoin Acht Trádmharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní 1964	10,100	10,023	10,479
9	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
10	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – creidmheas tomhaltóirí	501	525	502
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – costais chúirte	1	—	—
12	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – fógraí íocaíocht sheasta	6	8	19
13	Fógraí cumaisc	550	664	663
Eile				
14	ÚFC dlíthiúil	50	—	—
15	Ilghnéitheach	400	1,113	626
16	Beartas fiontraíochta ^a	6,405	5,441	4,166
17	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ^b	1,565	1,714	1,539
18	Fáltais pinsin Thurasóireacht Éireann	343	394	—
19	Pá agus aoisliúntas an PIRB	1,168	1,275	1,247
20	Aoisliúntas HSA	650	660	572
21	Scéimeanna ráthaíochta iasachta sealadacha	2,453	3,833	3,392
22	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí	557	670	495
23	Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	6,676	9,170	7,502
Iomlán		89,000	88,613	91,803

- Nóta ^a Léirítear sa bheartas fiontraíochta na suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí reatha fiontraíochta agus iarghníomhaireachtaí fiontraíochta i dtaca le ranníocaíochta pinsin foirne agus aisíocaíocht PEACEPLUS-CFRE. Is iad na ghníomhaireachtaí Idir-Thrádáil Éireann (comhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta), GFT, FÉ, agus an iar-ghníomhaireacht SFADCo.
- ^b Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-chúiteamh ar an gcaiteachas faoi fhotheideal C.8 Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha ar leithreasaí-i-gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh

Meastachán €75,000; bainte amach €183,000

Tá na costais a thabhaíonn comhlachtaí cearta fostaíochta na Roinne agus iad ag próiseáil éileamh ar chearta fostaíochta, lena n-áirítear éilimh faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, in-aisíochta ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Tháinig an t-airgead breise a fuarthas ar ais ón CÁS mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na n-éileamh den sórt sin a próiseáladh in 2025 i gcomparáid leis an méid a bhí buiséadaithe.

2. Táillí ceada fostaíochta

Meastachán €40 milliún; bainte amach €33 milliún

Bhí an t-easnamh €7 milliún i bhfáltais mar thoradh ar an laghdú suntasach ar líon na gceadanna a eisíodh in 2025. Bhí laghdú 16% bliain ar bhliain ar líon na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta i gcomparáid le 2024.

3. Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta

Meastachán €400,000; bainte amach €554,000

Ní mór ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta a athnuachan gach bliain. Is deacair líon na gceadúnas nua a thuar. Ba é ba chúis leis an mbarrachas ar tháillí ceadúnais ná go raibh líon na gceadúnas a heisíodh in 2025 níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.

5. Costais dámhachtana cúirte CCÁO

Meastachán €20,000; bainte amach €157,000

Tá sé deacair meastacháin chruinne a dhéanamh ar dhámhachtainí cúirte i bhfianaise na ndámhachtainí sin a bheith ina n-ábhair i ndeireadh na dála ag na cúirteanna a chinneadh.

6. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Meastachán €16.857 milliún; bainte amach €19.015 milliún

Tá na táillí a ghineann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag brath ar ghníomhaíocht agus ar thráthúlacht na dtuairisceán a thugann cuideachtaí ag féachaint dá n-oibleagáidí reachtúla agus, mar sin, is féidir a bheith deacair a thuar go cruinn. Bhí an barrachas €2.158 milliún i dtáillí a baineadh amach in 2025 mar gheall go príomha ar láidreacht an gheilleagair i gcomparáid leis an méid a bhí beartaithe ar dtús sa bhuiséad.

7. Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumainn Tionscail agus Choigiltis

Meastachán €200,000; bainte amach €429,000

Ceanglaíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021 ar institiúidí airgeadais agus comhlachtaí forordaithe eile, Clár na nÚinéirí Tairbhiúla a imscrúdú mar chuid dá n-oibleagáidí díchill chuif. Bhí an barrachas €229,000 i dtáillí mar thoradh, i bpáirt, ar líon níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis de bhreisithe ar chuntais chustaiméirí agus ar líon níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis de cheannacháin tuarascálacha um úinéireacht thairbhiúil.

13. Fógraí cumaisc

Meastachán €550,000; bainte amach €664,000

Tharla an barrachas €114,000 mar thoradh ar líon na bhfógraí cumasc a cuireadh faoi bhráid an CICT a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.

15. Ilghnéitheach

Meastachán €400,000; bainte amach €1.113 milliún

Bhain an barrachas €713,000 i bhfáltais ilghnéitheacha go príomha le €215,000 a forchúitíodh ón gCiste um Chuntais Dhíomhaoiné i leith caiteachais a bhain leis an Tionscnamh Balance for Better Business, atá mar chuid den fhotheideal C14 'Coimisiúin, Coistí agus Fiosrúcháin Speisialta' agus a ndéantar tuairisciú air freisin i nóta 6.3, mar aon le barrachas €540,000 a forchúitíodh ag Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann i ndáil lena clár comhair paitinní leis an Oifig Eorpach Paitinní, arna fhritháireamh ag easnamh €42,000 i bhfáltais ilghnéitheacha eile.

16. Beartas fiontraíochta

Meastachán €6.405 milliún; bainte amach €5.441 milliún

Is de bharr moille ar phróiseáil éileamh caiteachais a bhaineann leis an gClár INTERREG VA go príomha an t-easnamh fáltais de €964,000. Déanann Foras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) na héilimh maidir le haisíoc caiteachais INTERREG ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a bhainistiú. Deimhníonn an SEUPB gach éileamh den sórt sin. Is féidir leis an bpróiseas deimhnithe a bheith faoi réir ag moilleanna a fhágann go mbíonn sé deacair fáltais a thuar go cruinn.

17. An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Meastachán €1.565 milliún; bainte amach €1.714 milliún

Is ionann na fáltais sa réimse seo agus aisíocaíocht ón CICT leis an Roinn ar na costais phárolla a thabhaigh an Roinn i leith fhoireann an CICT atá ag obair ar ghníomhaíochtaí na Tobhaigh um Oideachas Airgeadais. Bhí an méid caiteachais phá a íocadh thar ceann an CICT níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús mar gheall ar earcaíocht bhreise a rinne an Coimisiún.

19. Pá agus aoisliúntas an PIRB

Meastachán €1.168 milliún; bainte amach €1.275 milliún

Bhí an barrachas €107,000 mar thoradh go príomha ar líon níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis d'fhostaithe a bhain leas as socruithe laghdaithe oibre, agus mar thoradh air sin bhí na ranníocaíochtaí aoisliúntais ó fhostaithe an PIRB níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.

21. Scéim ráthaíochta iasachtaí sealadacha

Meastachán €2.453 milliún; bainte amach €3.833 milliún

Cuireann scéimeanna atá ag feidhmiú faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012, lena n-áirítear an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine, ráthaíocht le tacaíocht ón stát ar fáil d'iasachtaí faoi na scéimeanna.

Éilíonn creat na scéimeanna go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Stát. Tá na préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, méid an chomhlachta agus fad na n-iasachtaí. B'ionann na préimheanna a fuarthas in 2025 agus €3.159 milliún. Ina theannta sin, b'ionann méid na n-aisghabhálacha ó iasachtaí mainnithe roimhe seo ar íocadh éileamh ar an ráthaíocht ina leith agus €674,000.

22. Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna na Todhchaí (EGFSN)

Meastachán €557,000; bainte amach €670,000

Bhain an barrachas €113,000 le caiteachas ar thionscadal breise a thug an EGFSN faoi in 2025 lasmuigh dá ghnáthchlár oibre, agus rinneadh na suimeanna breise sin a aisíoc leis an Roinn ina leith.

23. Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais

Meastachán €6.676 milliún; bainte amach €9.17 milliún

Tháinig an barrachas de €2.494 milliún ó thaobh fáltais ranníocaíochtaí breise aoisliúntais chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar líon na mball foirne a earcaíodh i gcaitheamh 2025.

4.2 Ioncam na Vóta

Is ionann leithreasáí-i-gcabhair agus suimeanna airgid a fuarthas i rith na bliana. Is ionann ioncam na Vóta agus ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar phrionsabal an fhabhraithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalartaithe	
Deontas ón bPríomh-Chiste	1,154,436
Deontais eile	670
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	14,729
Fáltais INTERREG CEFR	2,394
Ioncam ó idirbhearta malartaithe	
Táillí ceadúnas agus comhdaithe	30,133
Táillí ceada fostaíochta	31,434
Ioncam An Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	2,993
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa sealadacha	3,667
Ioncam eile	
Pionóis sheasta agus dámhachtainí cúirte an CCÁO	167
Ioncam ilghnéitheach	1,113
Ioncam Iomlán	1,241,736
Léirithe ag	
Leithreasáí-i-gcabhair Iomlán (nóta 4.1)	88,613
Deontas ón bPríomh-Chiste	1,154,436
Laghdú ar ioncam fabhraithe	(125)
Méadú ar ioncam iarchurtha	(1,188)
	1,241,736

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státhiste

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	—	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha ^a	3	68
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal ^b	343	17
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal coimeádta agus cúnamh inaisíoctha ^c	4,627	3,652
Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin ^d	3,677	49,665
Aisíocaíocht airgid SSTFG ^e	168	950
MCG agus Power Up ^f	10,014	—
CBSÉ – aisíocaíocht na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa	222	—
Ilghnéitheach	43	182
Mol Comhairleach Gnó ^g	—	342
Aistrithe chuig an Státhiste	(19,097)	(54,876)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	—

- Nóta
- ^a Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfo-cheannteideal A.8 le haghaidh caiteachais oibriúcháin.
 - ^b Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfotheideal A.8 do chlár chaipitil ar leith.
 - ^c Oifigí Fiontair Áitiúla – baineann sé seo le hiarmhéideanna cúnamh inaisíoctha ó 31 Oifig Fiontair Áitiúil.
 - ^d Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin: baineann sé seo leis an ioncam acmhainní féin a ghnóthaigh Fiontraíocht Éireann a bhí níos mó ná an méid a cheadaigh DPEIPSRD dá n-úsáid féin sa bhliain.
 - ^e An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí – maoiniú ar ais chuig an Roinn ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - ^f MCG agus Power Up – baineann sé seo le suimeanna nár caitheadh in 2024 faoin dá scéim seo (fotheideal A.20) agus a d'aisíoc na húdaráis áitiúla leis an Roinn in 2025.
 - ^g An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Ag 31 Nollaig	2025	2024
An Roinn agus na hOifigí:		
Roinn ^a	691	636
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	47	42
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	209	193
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	131	115
An Chúirt Oibreachais	28	30
	1,106	1,016
Gníomhaireachtaí ^b	2,742	2,024
	3,848	3,040

- Nóta ^a Cuimsítear foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.
- ^b Áirítear fostaithe de chuid an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

5.2 Pá – An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2025	2024
	€000	€000
Pá	289,779	224,377
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	1,266	1,187
Liúntais eile	3,026	3,143
Ragobair	621	688
ÁSPC an Fhostóra	25,668	18,188
	320,360	247,583

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fhotheidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.9, C.10, C11, C12, D1, D.3 agus D.4.

5.3 Roinn

	2025	2024
	€000	€000
Pá ^{a, b}	64,543	59,078
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	767	809
Liúntais eile	1,042	1,027
Ragobair	511	455
ÁSPC an Fhostóra	5,782	5,051
	72,645 ^c	66,420

- Nóta ^a San áireamh leis seo, tá íocaíochtaí a rinneadh le 36 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais/Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT).
- ^b Ní áirítear táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad e.g. moltóirí.
- ^c San áireamh sa phá iomlán, tá pá riaracháin (A.1, B.1, C.1 agus D.1) gus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.10 agus C.11). Tagraíonn an méid atá curtha san áireamh do phá i Nóta 1 d'fhotheidil riaracháin amháin.

5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025 €	2024 €
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	118	32	25,364	24,551
Liúntais eile	45	18	107,007	140,662
Ragobair	111	21	18,743	22,249
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	18	13	26,126	29,973

5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá san áireamh anseo ná an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Gníomhaireacht Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta Éireann, Idir-Thrádail Éireann (atá ina gcomhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta), Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, Fáilte Ireland agus Turasóireacht Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus dá bhrí sin níl faisnéis phá agus liúntais mhionsonraithe ag an Roinn i leith na ngníomhaireachtaí lena mbaineann. Tá faisnéis mhionsonraithe i dtaca le líon agus pá fhostaithe ghníomhaireachtaí na roinne ar fáil ó na ráitis/tuarascálacha airgeadais ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

	2025	2024
	€000	€000
Pá	225,236	165,300
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	499	378
Liúntais eile	1,984	2,116
Ragobair	110	233
ÁSPC an Fhostóra	19,886	13,136
	247,715	181,163

5.6 Liúntas agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne na gníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2025	2024
			€	€
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	94	15	60,386	58,450
Liúntais eile	281	36	98,831	96,888
Ragobair	50	2	14,121	36,163
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	11	2	17,021	39,064

5.7 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €184,295 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag feidhmiú lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2025 nó ar feadh tréimhse iomlán di agus a d'íoc an Roinn a dtuarastail.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigh Chuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	258	250

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas luaite. Is ball den scéim pinsin ranníocach do státseirbhísigh bhunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.9 Foireann na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí (bunphá, liúntais, ragobair san áireamh; ach ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra curtha as an áireamh) don bhliain airgeadais go dtí idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh suas.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe ^a	
Ó	Go dtí	2025	2024 ^b
20,000	59,999	656	634
60,000	69,999	115	128
70,000	79,999	79	67
80,000	89,999	70	71
90,000	99,999	59	38
100,000	109,999	30	26
110,000	119,999	21	16
120,000	129,999	14	12
130,000	139,999	8	2
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	—	3
170,000	179,999	3	5
180,000	189,999	4	1
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	1	—
210,000	219,999	—	—
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	—	—
240,000	249,999	—	—
250,000	259,999	1	1

Nóta ^a Áirítear leis foireann Oifigí na Roinne.
^b Figiúirí athluaite do 2024.

5.10 Ró-íocaíochtaí párolla

ag 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	166	309,809	221,894
Pleananna téarnaimh i bhfeidhm	14	57,407	49,380

5.11 Scaoilíocaíocht /iomarcaíocht

I rith 2025, fuair beirt bhall foirne íocaíochtaí scaoilíocaíochta agus iomarcaíochta mar gheall ar Aire a athrú go Roinn. B'ionann na híocaíochtaí seo agus €20,770.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear san olltoradh a léirítear faoi fhotheidil áirithe den Vóta íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Ba iad seo a leanas na meastacháin chaiteachais agus na holltorthaí iarbhír.

	2025	2024
	€000	€000
Tuirisc ar an bhfotheideal		
A.4 Idir-Thrádáil Éireann	—	60
A.6 ÚCNÉ	174	270
A.7 Fiontraíocht Éireann	2,295	884
A.10 Maoiniú meaitseála do PEACEPLUS	2,394	897 ^a
B.3 Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	196	231
B.4 Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta - Fiontraíocht Éireann	10,453	8,720
C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	35	—
C.8 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	653	242
D.7 Ciste um Aistriú Cóir an AE	8,331	—
	24,531	11,304

Nóta ^a Figiúr athshonraithe do 2024.

6.2 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain				
	Éilimh ó		Iomlán 2025	Iomlán 2024
	Fostaithe	Baill den phobal		
Líon na gcásanna	—	6	6	9
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	293	293 ^a	283
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	—	—	—	13
Costais dlí	—	30	30 ^b	298
Iomlán 2025	—	323	323 ^c	594
Iomlán 2024	—	594	594	

Nótaí ^a Ceithre chás san iomlán lena n-áirítear dhá chás aonair os cionn €50,000.
^b Dhá chás.
^c Sé chás san iomlán.

6.3 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain bhunaithe	2025 €000	2024 €000
Buan/neamhiata			
Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr	2021	219	200
		219	200

6.4 Calaois agus calaois amhrasta

Cuntais chustaiméirí agus clárúcháin ceadanna fostaíochta a raibh amhras calaoiseacha fúthu

Le linn ghnáthmhonatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas leanúnach, d'aithin an tAonad TFC leibhéal neamhghnách caiteachais i ndáil le seirbhís TF a chuireann ceann dár soláthraithe ar fáil agus a thacaíonn le fiordheimhniú chuig ár gCóras Scagtha Infheistíochta Isteach (CSII). Úsáideann an tseirbhís seo teachtaireachtaí téacs a sheoltar chuig custaiméirí mar mhodh tánaisteach chun céannacht a fhíorú. Measadh gurbh ionann agus €11,000 (CBL san áireamh) an caiteachas neamhghnách nach raibh baint aige le gnó na Roinne. Léirigh an t-athbhreithniú ar an úsáid gur chláraigh páirtí seachtrach (atá cláraithe i Vítneam) líon mór cuntas custaiméirí a raibh amhras calaoiseacha fúthu agus gur fhéadfadh sé uimhir theileafóin ar ráta préimhe a bheith úsáidte aige mar an uimhir mhóibíleach ainmnithe le haghaidh fiordheimhnithe SMS. Tar éis é sin a shainiú, d'aistrigh an Roinn go pras chuig feidhmchlár fiordheimhnithe a úsáid. Taifeadadh teagmhas cibearshlándála leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus d'ullmhaigh forbróirí an chórais agus sainchomhairleoirí seachtracha na Roinne um shlándáil faisnéise tuarascálacha mionsonraithe maidir leis an teagmhas riosca. Tá an Roinn ag iarraidh na táillí a aisghabháil ónár soláthraí seirbhíse TF.

Rinneadh athbhreithniú ar chórais eile den chineál céanna sa Roinn agus, cé gur cumasaíodh gnéithe breise don Chóras um Cheadanna Fostaíochta (CCF) i mí an Mheithimh 2025, aithníodh clárúcháin a raibh amhras calaoiseacha fúthu ar an CCF i mí Lúnasa 2025. Cuireadh an costas breise seo a thabhaigh an Roinn mar thoradh ar an gcalaois fhéideartha seo chun sochair na Roinne arís ag an soláthraí seirbhíse tríú páirtí i rith mhí Dheireadh Fómhair 2025 agus, dá bhrí sin, ní raibh aon tionchar airgeadais aige ar an Roinn i ndáil leis an gCCF.

Tá an Roinn sásta nach ndearnadh aon rochtain neamhúdaráithe ar shonraí atá sa CSII ná sa CCF. Bhain an t-aon tionchar airgeadais leis an €11,000 a tabhaíodh mar gheall ar an méadú ar an bhfiordheimhniú i ndáil leis an CSII, agus tá an Roinn ag iarraidh an méid sin a aisghabháil.

Calaois amhrasta i scéimeanna iasachta arna mbainistiú ar son na Roinne

Thagair Cuntas Leithreasa 2023 do líon beag iasachtaí arna n-eisiúint ag iasachtóirí a bhí ina rannpháirtithe i scéimeanna iasachta a raibh bainistíocht á déanamh orthu thar ceann na Roinne ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus a raibh imní léirithe ina leith maidir le calaois fhéideartha. Thug cuntas 2023 sonraí faoi na haon iasacht déag a

bhí i gceist. Tá na hiasachtaí seo faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána anois. Áirítear leis seo, ocht n-iasacht faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 arb ionann iad agus €1 milliún (SRCC) agus trí iasacht faoin Scéim Iasachtaí Brexit/Scéim Caipitil Oibre Covid arb ionann iad agus €250,000 (SIB/SCOC).

I gcomhairle dlí a fuair an Roinn in 2024, tugadh le fios gur cheart na hocht n-éileamh faoin SRCC a íoc, toisc nár sháraigh an t-iasachtóir aon cheann de théarmaí a gcomhaontaithe ráthaíochta déthaobhaigh idir an Roinn agus an t-iasachtóir. Dá réir sin, íocadh an méid ráthaithe i leith na n-éileamh seo i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Ní raibh aon ról ag an Roinn i riaradh na scéimeanna seo atá á mbainistiú thar a ceann ag CBSÉ. Bíonn CBSÉ i dteagmháil leis na hiasachtóirí rannpháirteacha maidir leis an gcaoi a riarar iasachtaí faoin dá scéim. Maidir leis na haon iasacht déag a bhfuil amhras calaoise ag baint leo, d'iarr an Roinn agus fuair sí nuashonrú ón CBSÉ agus ón iasachtóir rannpháirteach araon maidir le himscrúdú an Gharda Síochána ar an gcalaois líomhnaithe, agus tá an cás fós ar bun.

6.5 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn ar aghaidh ag fáil méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúil an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar ar aghaidh é chuig an Roinn gach mí. Íoctar an t-airgead leis an Státchiste ina dhiaidh sin.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987.

	2025 €000	2024 €000
Faighthe ó na Coimisinéirí Ioncaim	16	6
Íoctha isteach sa Státchiste	16	6

6.6 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn géilleadh iarchurtha coigiltis de €21.315 milliún ó thaobh caiteachas caipitil de in 2025 sna fotheidil seo a leanas a tugadh anonn go 2026.

Fotheidil	€000
A.15 Scéim um fhaoiseamh daonnúil	350
D.5 An Ciste um Mhargaíocht Turasóireachta Thar Lear	6,103
D.7 Ciste um Aistriú Cóir an AE	14,862
	21,315

6.7 Díscríobhanna

Díscríobhadh an tsuim seo a leanas i rith na bliana

	2025	2024
	€000	€000
Discríobh sócmhainní ag an CRO ^a	19	—

Nóta ^a Bhí an tsócmhainn bhogearra a ceapadh go sainiúil a chun tacú le feidhmeanna oidhreachta sa CRO imithe i léig agus ní raibh sí oiriúnach lena húsáid in aon rannóg eile den Roinn, dá bhrí sin, díscríobhadh an tsócmhainn in 2025.